

**Feirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas**
Beart Dearfach i dtreo Fuinneamh Inbhuanaithe

# Tionscadal beartaithe fuinnimh in-athnuaite de chuid Energia í Feirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas, a bheidh suite amach ón gcósta thoir theas. Cuirfidh sé leictreachas glan ar fáil do thithe agus do ghnólachtaí in Éirinn.

### Energia

Tá Energia ar cheann de phríomhchomhlachtaí fuinnimh na hÉireann agus soláthraíonn sé thart ar 25% d'fhuinneamh iomlán na hÉireann.

### Gníomhú ar son na hAeráide

Tá Energia ag tacú le sprioc gníomhaíochta aeráide na hÉireann le hastaíochtaí carbóin a laghdú faoi leath faoi 2030 agus le bheith ina tír atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050.

### Fuinneamh Gaoithe Amach ón gCósta

Déanfaidh Feirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas a cion féin lenár soláthar fuinnimh a dhícharbónú agus astaíochtaí a laghdú.

### Leictreachas Glan

Cuirfidh Feirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas leictreachas glan ar fáil do bhreis agus 500,000 teach.

### Suíomh

Is tionscadal fuinnimh in-athnuaite í Feirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas atá beartaithe le bheith ar a laghad 10km, agus suas le 25km, amach ó chósta Chontae Loch Garman agus Chontae Chill Mhantáin theas.

### Méid

Bheadh thart ar 40-60 tuirbín i gceist le gnáthfheirm ghaoithe amach ón gcósta 600-800MW.

### Buntáistí

Faoin gCiste Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (RESS), cuirfear ciste sochair pobail is fiú na milliúin euro ar fáil do thionscadail áitiúla gach bliain mar gheall ar ghnáthfheirm ghaoithe 600-800MW.

## Buntáistí

### Geilleagrach

- Infheistíocht €2bn
- *c.* 800 post agus an obair thógála ar bun
- 70-100 post oibríochta agus cothabhála sa cheantar áitiúil
- Deiseanna slabhra soláthair do ghnólachtaí áitiúla

### Sóisialta

Faoin gCiste Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (RESS), cuirfear ciste sochair pobail is fiú na milliúin euro ar fáil do thionscadail áitiúla gach bliain mar gheall ar ghnáthfheirm ghaoithe 600-800MW.

Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh (021) 203 1005
Oifigeach Idirchaidrimh Pobail (087) 183 7452
info@southirishseawind.ie
www.southirishseawind.ie

energia
Renewables

**Feirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas**
Beart Dearfach i dtreo Fuinneamh Inbhuanaithe

## An Chéim Reatha


Tá tús curtha ag Energia leis an bpróiseas measúnachta timpeallachta le haghaidh Thionscadal Fheirm Ghaoithe Mhuir Éireann Theas. Tá eolas faoi na suirbhéanna beartaithe agus ceisteanna agus freagraí a bhaineann le cúrsaí iascaireachta le fáil ar shuíomh idirlín an tionscadail. Cuirfidh an fhaisnéis agus an t-eolas áitiúil a chuirfidh tú ar fáil maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta bonn eolais faoi fhorbairt agus dearadh an tionscadail.

**Nuair a bheidh sé ag feidhmiú, cuirfear ciste sochair pobail bliantúil ar fiú na milliúin é ar bun agus d'fhéadfadh sé tacú le tionscnaimh amhail:**

- Cláir feabhsúcháin stoic nó gorlainne agus deontais taighde
- Uasghráduithe bonneagair agus trealaimh calafoirt agus cé (m.sh. fuarstórais, soilsiú, slándáil, trealamh ardaithe, dréimirí cé)
- Oiliúint agus trealamh sláinte agus sábháilteachta
- Deontais um uasoiliúint agus éagsúlú
- Deontais d'iascach nó do mhicrifhiontair bia mara




## Amlíne Tháscach an Tionscadail




**energia** Renewables


Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh (021) 203 1005
Oifigeach Idirchaidrimh Pobail (087) 183 7452
info@southirishseawind.ie
www.southirishseawind.ie